RIALACHÁN (AE) 2021/862 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaineann le leasacháin chun cineál nua leasacháin CE a áireamh in Iarscríbhinn I

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 a bhaineann le leasacháin ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuir monaróir uisce formáite potaisiam iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin trí údaráis na Sualainne ar an tsubstaint sin a áireamh mar chineál leasacháin nua in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003. Forbraíodh an tuaslagán uisce formáite potaisiam chun ionsú níos fearr potaisiam a bhaint amach le duilleoga plandaí a bhfuil géarghá acu leis an gcothaitheach príomhúil sin, amhail torthaí agus glasraí.

(2) Comhlíonann an tuaslagán uisce formáite potaisiam, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003. Ba cheart, dá bhrí sin, é a áireamh ar liosta na gcineálacha leasachán CE in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 a leasú dá réir sin.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 32 de Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) 2003/2003 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 304, 21.11.2003, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 mar a leanas:

Sa tábla i Roinn C.1, cuirtear an iontráil seo a leanas leis i ndiaidh iontráil 7:

"8	An tuaslagán uisce formáite potaisiam	Táirge a fhaightear trí hiodrocsaíd photaisiam, formaildéad, bútaraildéad agus aigéad formach a imoibriú, agus trí dheighilt agus galú ina dhiaidh sin	50 % formáit photaisiam 28 % K_2O Potaisiam arna shloinneadh mar K_2O uisce-intuaslagtha 27 % formáit		Ocsaíd photaisiam uisce-intuaslagtha"